



Uimhir 31 de 2019

An tAcht fán mBinse um CervicalCheck, 2019
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 31 de 2019

AN tACHT FÁN mBINSE UM CERVICALCHECK, 2019

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme
2. Mínithe
3. Caiteachais

CUID 2

AN BINSE UM CERVICALCHECK

CAIBIDIL 1

Bunú, Feidhmeanna, etc.

4. An lá bunaithe
5. An Binse a bhunú
6. Comhaltas an Bhinse
7. Feidhmeanna an Bhinse
8. Foireann an Bhinse
9. Saineolaithe agus taighde
10. Féadfaidh an Binse abhcóide dlí agus aturnae a áirithiú

CAIBIDIL 2

Éileamh a dhéanamh chun an Bhinse

11. Éilimh os comhair an Bhinse
12. Am a ríomh chun críoch Reacht na dTréimhsí, etc.

13. Is gá comhaontú a fháil ó na páirtithe chun a chumasú don Bhinse éilimh a éisteacht

CAIBIDIL 3

Éilimh os comhair an Bhinse, nósanna imeachta, etc.

14. An modh ar a gcinnfear saincheisteanna
15. Nósanna imeachta tríú páirtí
16. Cuirfear íocaíochtaí *ex gratia* i gcuntas
17. Dámhachtainí ón mBinse – prionsabail is infheidhme, etc.
18. Ionadaíocht dhlíthiúil
19. Costais
20. Is ar shlí seachas go poiblí a sheolfar éisteachtaí i gcoitinne
21. An fhoirm ina bhféadfar agus an modh ar a bhféadfar fianaise a thabhairt
22. Cumhachtaí a bhaineann le finnéithe agus doiciméid
23. Pribhléidí agus díolúintí finnéithe
24. Cumhacht ghinearálta an Bhinse chun ordacháin ón Ard-Chúirt a lorg
25. Prótacail réamhéilimh, cásbhainistiú, ordacháin, etc.
26. Rialacha

CAIBIDIL 4

Achomhairc, daingnithe, etc.

27. Achomhairc
28. Cinntí a dhaingniú agus a fhoilsiú
29. Dámhachtainí ón mBinse a fhorfheidhmiú

CAIBIDIL 5

Muinín a aisiriú

30. Feidhm Chaibidil 5
31. Éascaitheoir cruinnithe chun muinín a aisiriú
32. Cruinnithe chun muinín a aisiriú
33. Cruinnithe chun muinín a aisiriú – neamh-inghlacthacht in imeachtaí nó éilimh os comhair an Bhinse

CAIBIDIL 6

Tuarascálacha ón mBinse, etc.

34. Moltaí ón mBinse

[2019.]

*An tAcht fán mBinse um
CervicalCheck, 2019.*

[Uimh. 31.]

35. Tuarascálacha Bliantúla

CAIBIDIL 7

Díscaoileadh

36. An Binse a dhíscaoileadh

CUID 3

ILGHNÉITHEACH

37. Achomhairc chun na hArd-Chúirte – rialacha cúirte

38. Cionta

39. Srianata le cearta agus le hoibleagáidí faoin Rialachán maidir le Cosaint Sonraí

40. Leasú ar an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014

NA hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú), 2017 (Uimh. 30)

An tAcht um Dhliteanas Sibhialta, 1961 (Uimh. 41)

Na hAchtanna um Dhliteanas Sibhialta, 1961 go 2017

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 (Uimh. 30)

An tAcht Léiriúcháin, 2005 (Uimh. 23)

An tAcht um Reacht na dTréimhsí (Leasú), 1991 (Uimh. 18)

Reacht na dTréimhsí, 1957 (Uimh. 6)



Uimhir 31 de 2019

AN tACHT FÁN mBINSE UM CERVICALCHECK, 2019

[An tiontú oifigiúil]

Acht do dhéanamh socrú maidir le cur i ngníomh na Tuarascála ar Chóras Malartach chun Déileáil le hÉilimh a Eascraíonn as CervicalCheck, i leith éilimh, a eascraíonn as gníomhartha nó faillí de dhroim CervicalCheck, a éisteacht agus a chinneadh lasmuigh den phróiseas cúirte agus, chun na gcríoch sin, do dhéanamh socrú maidir le comhlacht a bhunú ar a dtabharfar, sa Ghaeilge, an Binse um CervicalCheck nó, sa Bhéarla, *the CervicalCheck Tribunal*; do dhéanamh socrú, le toiliú na bpáirtithe lena mbaineann, maidir leis an mBinse d'éisteacht agus do chinneadh líon teoranta áirithe éileamh arna ndéanamh chuige lasmuigh den phróiseas cúirte; do dhéanamh socrú go mbeidh cinneadh ón mBinse faoi réir a dhaingnithe ag an Ard-Chúirt agus faoi réir ceart achomhairc chun na hArd-Chúirte; do dhéanamh socrú, ar mhaithe le leas an phobail ó thaobh muinín as CervicalCheck a aisiriú, maidir le saoráidí a chur ar fáil do dhaoine áirithe chun eispéiris a dhoiciméadú, plé a éascú agus faisnéis a chur ar fáil do na daoine sin i leith CervicalCheck; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [23 Iúil 2019]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Gearrtheideal agus tosach feidhme

- (1) Féadfar an tAcht fán mBinse um CervicalCheck, 2019 a ghairm den Acht seo.
- (2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.

Mínithe

2. San Acht seo—

ciallaíonn “Acht 1961” an tAcht um Dhliteanas Sibhialta, 1961;

ciallaíonn “duine cuí”—

(a) bean iomchuí, nó

(b) i gcás go bhfuair bean iomchuí bás, cleithiúnach de chuid na mná iomchuí lena mbaineann;

ciallaíonn “CervicalCheck” an clár náisiúnta scagtha ceirbheacs a thionscain an Bord Náisiúnta um Sheirbhís Scagtha Ailse in 2008 agus atá á sholáthar ag an bhFeidhmeannacht ó díscaoileadh an Bord an 1 Aibreán 2010;

ciallaíonn “cíteolaíocht CervicalCheck” na seirbhísí saotharlainne cíteolaíochta arna n-áirithiú ag an bhFeidhmeannacht chun críocha CervicalCheck;

ciallaíonn “scéim *ex gratia* um neamhnochtadh CervicalCheck” an scéim arna riaradh faoin teideal sin ag an Aire ar mhaithe le breith ón Rialtas an 11 Márta 2019;

tá le “Cathaoirleach” an bhrí a shanntar dó le *halt 6*;

ciallaíonn “éileamh” éileamh a dhéanfar de réir *alt 11*;

ciallaíonn “éilitheoir” duine a dhéanfaidh éileamh de réir *alt 11*;

tá le “cleithiúnaí” an bhrí a shanntar dó le Cuid IV d’Acht 1961;

forléireofar “lá bunaithe” de réir *alt 4*;

ciallaíonn “Feidhmeannacht” Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte;

tá le “Éascaitheoir” an bhrí a shanntar dó le *halt 31*;

ciallaíonn “Aire” an tAire Sláinte;

tá le “fógra glactha” an bhrí a shanntar dó le *halt 17*;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le Rialacha;

ciallaíonn “páirtithe iomchuí”, i ndáil le héileamh—

(a) an t-éilitheoir,

(b) an Fheidhmeannacht, agus

(c) na seirbhísí saotharlainne cíteolaíochta arna n-áirithiú ag an bhFeidhmeannacht chun críocha CervicalCheck;

ciallaíonn “bean iomchuí”—

(a) bean—

(i) a ndearnadh, mar chuid den Athbhreithniú ar Scagadh Ceirbheacs, í a shainaitint mar bhean a raibh torthaí an athbhreithnithe cíteolaíochta CervicalCheck a rinneadh ina leith neamhréireach le torthaí an scrúdaithe cíteolaíochta bunaidh i ndáil leis an mbean lena mbaineann, nó

(ii) ar féachadh, mar chuid den Athbhreithniú ar Scagadh Ceirbheacs, lena sleamhnáin chíteolaíochta a athscrúdú ach nár bh fhéidir ceann amháin nó níos mó de na sleamhnáin sin a athscrúdú mar chuid den athbhreithniú sin de bhíthin imthosca nach raibh neart ag an mbean lena mbaineann orthu,

nó

- (b) bean a ndearnadh fáthmheas ina leith go raibh ailse ceirbheacs uirthi agus—
- (i) a raibh stair scagtha aici trí CervicalCheck,
 - (ii) ar cuireadh an fáthmheas go raibh ailse ceirbheacs uirthi in iúl do CervicalCheck,
 - (iii) a ndearnadh athscrúdú ar a sleamhnáin chíteolaíochta mar chuid den iniúchadh cliniciúil cúlghabhálach ar chíteolaíocht CervicalCheck, agus
 - (iv) a raibh torthaí an athbhreithnithe cíteolaíochta a rinneadh ina leith, i ndiaidh an athscrúdaithe de réir *fhomhír (iii)*, neamhréireach le torthaí an scrúdaithe cíteolaíochta bunaidh i ndáil leis an mbean lena mbaineann;

tá le “cruinniú chun muinín a aisiriú” an bhrí a shanntar dó le *halt 32*;

ciallaíonn “iniúchadh cliniciúil cúlghabhálach ar chíteolaíocht CervicalCheck” an t-iniúchadh cliniciúil aisamhairc ar shleamhnáin chíteolaíochta i ndáil le 1,482 bhean a rinne CervicalCheck idir 2008 agus roimh an 5 Bealtaine 2018;

ciallaíonn “Athbhreithniú ar Scagadh Ceirbheacs” an t-athbhreithniú a choimisiúnaigh an tAire agus a sheol Painéal Athbhreithnithe Saineolaithe Cliniciúla faoi choimirce an *Royal College of Obstetricians and Gynaecologists* ar thorthaí tástálacha scagtha ar na mná go léir ar tháinig ailse ceirbheacs orthu ón mbliain 2008 is mná a ghlac páirt in CervicalCheck;

ciallaíonn “Rialacha” rialacha a dhéanfar faoi *alt 26*;

tá le “Binse” an bhrí a shanntar dó le *halt 5*;

ciallaíonn “tarscaoileadh”, i ndáil le héilitheoir, an t-éilitheoir do tharscaoileadh aon cheart caingne a d’fhéadfadh a bheith ag an éilitheoir nó insaothraithe ag an éilitheoir thairis sin i gcoinne aon pháirtí nó páirtithe iomchuí eile san éileamh lena mbaineann i leith imthosca an éilimh os comhair an Bhinse.

Caiteachais

3. Déanfar na caiteachais a thabhoíd an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

CUID 2

AN BINSE UM CERVICALCHECK

CAIBIDIL 1

Bunú, Feidhmeanna, etc.

An lá bunaithe

4. Déanfaidh an tAire, le hordú, lá a cheapadh chun bheith ina lá bunaithe chun críocha an Achta seo.

An Binse a bhunú

5. (1) Ar an lá bunaithe beidh comhlacht arna bhunú ar a dtabharfar, sa Ghaeilge, an Binse um CervicalCheck nó, sa Bhéarla, *the CervicalCheck Tribunal* (dá ngairtear an “Binse” san Acht seo) chun na feidhmeanna a shanntar dó leis an Acht seo a chomhlíonadh.
- (2) Féadfaidh an Binse suí ina rannáin de féin.
- (3) Faoi réir an Achta seo, maidir leis an mBinse—
- (a) beidh sé neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, agus
- (b) rialálfaidh sé a nósanna imeachta féin.

Comhaltas an Bhinse

6. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, is é a bheidh ar an mBinse cathaoirleach (dá ngairtear an “Cathaoirleach” san Acht seo) agus 2 ghnáthchomhalta ar a laghad, agus is é nó is í an tAire a cheapfaidh gach duine acu.
- (2) Féadfaidh an tAire, má mheasann sé nó sí gur gá é, daoine breise a cheapadh chun bheith ina ngnáthchomhaltaí den Bhinse.
- (3) Beidh an Cathaoirleach i seilbh, nó tar éis a bheith i seilbh, oifig bhreithiúnach sna hUaschúirteanna.
- (4) Maidir le gach gnáthchomhalta den Bhinse, is duine é nó í—
- (a) atá nó a bhí i seilbh oifig bhreithiúnach sna hUaschúirteanna, nó
- (b) atá ina abhcóide nó ina habhcóide cleachtach nó ina aturnae nó ina haturnae cleachtach a bhfuil cleachtadh 10 mbliana ar a laghad curtha de nó di aige nó aici.
- (5) Íocfar le gach comhalta den Bhinse, seachas comhalta is sealbhóir oifige breithiúnaí sna hUaschúirteanna, cibé luach saothair (más ann) a chinneadh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- (6) Beidh gach comhalta den Bhinse faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha, agus íocfar leis nó léi cibé liúntais i leith caiteachas, a chinneadh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- (7) Más rud é, ar chúis ar bith, nach féidir leis an gCathaoirleach leanúint de bheith ag gníomhú mar Chathaoirleach, féadfaidh an tAire comhalta eile den Bhinse a ainmniú mar Chathaoirleach.
- (8) Gan dochar do ghinearálacht *fho-alt (2)*, más rud é, ar chúis ar bith, nach féidir le comhalta den Bhinse leanúint de bheith ag gníomhú mar ghnáthchomhalta den Bhinse, féadfaidh an tAire duine a cheapadh chun bheith ina ghnáthchomhalta nó ina gnáthchomhalta den Bhinse in ionad an chomhalta sin.
- (9) San alt seo, ciallaíonn “oifig bhreithiúnach sna hUaschúirteanna” oifig breithimh den Ard-Chúirt, oifig breithimh den Chúirt Achomhairc nó oifig breithimh den Chúirt Uachtarach.

Feidhmeanna an Bhinse

7. (1) I dteannta na bhfeidhmeanna eile a thugtar dó leis an Acht seo, déanfaidh an Binse na nithe seo a leanas—
- (a) éilimh a éisteacht agus a chinneadh,
 - (b) faoi réir *alt 31(4)*, éascaíocht do chruinnithe chun muinín a aisiriú, agus
 - (c) tuarascáil a thabhairt, agus cibé moltaí is cuí leis a dhéanamh, maidir le haon ní a bhaineann le hobair an Bhinse.
- (2) D’ainneoin ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh an Binse cibé moltaí is cuí leis a sholáthar don Aire maidir le haon ní a bhaineann le hobair an Bhinse, cibé acu a fuair sé iarraidh chuige sin ón Aire nó nach bhfuair.
- (3) Beidh ag an mBinse na cumhachtaí sin go léir is gá nó is fóirsteanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.
- (4) Féadfaidh an Cathaoirleach aon cheann d’fheidhmeanna an Bhinse (seachas feidhm a shonraítear i *bhfo-alt (1)(a)*) a tharmligean chuig aon chomhalta d’fhoireann an Bhinse a bheidh údaraithe go cuí chuige sin ag an gCathaoirleach agus beidh an comhalta foirne sin cuntasach don Chathaoirleach sna feidhmeanna a tharmligfear amhlaidh.
- (5) Féadfaidh an Cathaoirleach tarmligean arna dhéanamh de réir *fho-alt (4)* a chúlghairm.

Foireann an Bhinse

8. (1) Féadfaidh an Binse, le toiliú an Aire, arna thabhairt le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cibé daoine agus cibé líon daoine a chinneadh sé a cheapadh chun bheith ina gcomhaltaí d’fhoireann an Bhinse.
- (2) Is de réir mar a chinneadh an Binse le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a bheidh téarmaí agus coinníollacha seirbhíse comhalta d’fhoireann an Bhinse agus an grád ina bhfónfaidh sé nó sí.
- (3) Comhlíonfaidh na comhaltaí d’fhoireann an Bhinse a bhfeidhmeanna faoi stiúradh agus faoi rialú an Chathaoirligh.

Saineolaithe agus taighde

9. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh an Binse, má mheasann sé go bhfuil comhairle nó cúnamh ó shaineolaithe (lena n-áirítear saineolaithe dlí) ag teastáil uaidh i leith aon ní—
- (a) cibé daoine agus cibé líon daoine is cuí leis a cheapadh, is daoine a bhfuil saineolas acu i ndáil leis an ní sin, agus
 - (b) téarmaí agus coinníollacha ceapacháin na ndaoine sin a chinneadh.
- (2) Sula ndéanfaidh sé ceapachán nó cinneadh faoi *fho-alt (1)*, gheobhaidh an Binse ceadú ón Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- (3) I gcás go gceapfaidh an Binse duine faoi *fho-alt (1)* chun cúnamh nó comhairle a thabhairt don Bhinse i leith é d’éisteacht agus do chinneadh éilimh, beidh páirtí san éileamh i dteideal an duine a cheapfar amhlaidh a scrúdú.

- (4) Faoi réir cheadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, féadfaidh an Binse, chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, taighde a sheoladh nó seoladh taighde a choimisiúnú.

Féadfaidh an Binse abhcóide dlí agus aturnae a áirithiú

10. (1) Féadfaidh an Binse, má mheasann sé gur gá é chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh—
- (a) a abhcóide nó a aturnae féin a cheapadh, agus
 - (b) téarmaí agus coinníollacha ceapacháin na ndaoine sin a chinneadh.
- (2) Sula ndéanfaidh sé ceapachán nó cinneadh faoi *fho-alt (1)*, gheobhaidh an Binse ceadú ón Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

CAIBIDIL 2

Éileamh a dhéanamh chun an Bhinse

Éilimh os comhair an Bhinse

11. (1) Faoi réir *alt 12* agus *fho-alt (2)*, féadfaidh duine cuí, san fhoirm fhorordaithe agus ar an modh forordaithe, éileamh ar chúiteamh a dhéanamh chun an Bhinse—
- (a) ag lorg damáistí i leith faillí, sárú dualgais, sárú dualgais reachtúil nó sárú conartha a eascróidh as aon ghníomh nó neamhghníomh a bhaineann le CervicalCheck, nó
 - (b) ag lorg damáistí i leith na faillí líomhnaithe nó an tsáraithe dualgais líomhnaithe a eascróidh as mainneachtain líomhnaithe torthaí an iniúchta chliniciúil chúlghabhálaigh ar chíteolaíocht CervicalCheck a chur in iúl don bhean iomchuí lena mbaineann nó, i gcás go bhfuair sí bás, do chleithiúnaí de chuid na mná iomchuí lena mbaineann.
- (2) I gcás go mbeidh dámhachtain (seachas dámhachtain faoin scéim *ex gratia* um neamhnochtaid CervicalCheck) faighte ag duine ó aon chúirt nó socraíocht i leith aon chaingean a eascróidh as aon imthosca a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le héileamh os comhair an Bhinse, ní bheidh an duine i dteideal éileamh a dhéanamh chun an Bhinse ná éisteacht a fháil uaidh.

Am a ríomh chun críoch Reacht na dTréimhsí, etc.

12. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, déanfar éileamh—
- (a) i gcás éileamh ar ina leith a tugadh fógra i scríbhinn, mar chuid den Athbhreithniú ar Scagadh Ceirbheacs, don bhean iomchuí nó, i gcás go bhfuair sí bás, do chleithiúnaí de chuid na mná iomchuí lena mbaineann, go raibh torthaí an athbhreithnithe cíteolaíochta i ndáil leis an mbean neamhréireach le torthaí an scrúdaithe cíteolaíochta bunaidh i ndáil leis an mbean—
 - (i) laistigh de 6 mhí ó dháta an fhógra, nó
 - (ii) laistigh de 9 mí ón lá bunaithe, cibé acu is déanaí, nó
 - (b) in aon chás eile, laistigh de 9 mí ón lá bunaithe.

- (2) Ní ceadmhach do dhuine éileamh a dhéanamh más rud é—
- (a) go raibh an duine i dteideal imeachtaí a thionscnamh i leith éileamh iomchuí, agus
 - (b) go bhfuil an tréimhse teorann i leith na himeachtaí sin a thionscnamh dulta in éag.
- (3) Le linn aon tréimhse ama a ríomh chun críche aon tréimhsí teorann is infheidhme i ndáil le héileamh iomchuí, tabharfar neamhaird—
- (a) ar an tréimhse dar tosach an dáta a dhéanfar éileamh agus dar críoch 6 mhí ón dáta a thabharfaidh an Binse fógra i scríbhinn (dá ngairtear “dáta an fhógra ón mBinse” san alt seo) don éilitheoir á rá gur mhainnigh páirtí amháin nó níos mó de na páirtithe iomchuí comhaontú i scríbhinn leis an éileamh atá á chinneadh ag an mBinse agus dá réir sin nach bhfuil an Binse in ann an t-éileamh a éisteacht agus a chinneadh, nó
 - (b) ar an tréimhse dar tosach an dáta a dhéanfar éileamh agus dar críoch 6 mhí ón dáta a thabharfaidh an Binse fógra i scríbhinn (dá ngairtear “dáta an fhógra ón mBinse” san alt seo freisin) don éilitheoir á rá gur thug páirtí amháin nó níos mó de na páirtithe iomchuí fógra don Bhinse á rá nach dtoilítear a thuilleadh leis an mBinse do chinneadh an éilimh agus dá réir sin nach bhfuil an Binse in ann leanúint den éileamh a éisteacht agus a chinneadh.
- (4) San alt seo—
- ciallaíonn “an dáta a dhéanfar éileamh” an dáta a gheobhaidh an Binse iarratas faoi *alt II* arna dhéanamh san fhoirm fhorordaithe agus ar an modh forordaithe;
- ciallaíonn “dáta an fhógra” an dáta a eiseoidh an Fheidhmeannacht fógra dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)*;
- ciallaíonn “dáta an fhógra ón mBinse” an dáta a eiseoidh an Binse fógra faoi *fho-alt (3)(a)* nó faoi *fho-alt (3)(b)*, de réir mar a bheidh, san fhoirm fhorordaithe agus ar an modh forordaithe;
- folaíonn “tréimhsí teorann” aon tréimhse teorann faoi Reacht na dTréimhsí, 1957 (dá ngairtear “tréimhse thóran” san Acht sin), faoi alt 9(2) d’Acht 1961 (dá ngairtear “tréimhse chinnteachta” san Acht sin) agus faoin Acht um Reacht na dTréimhsí (Leasú), 1991;
- ciallaíonn “éileamh iomchuí” caingean shibhialta ag duine—
- (a) ag lorg damáistí i leith faillí, sárú dualgais, sárú dualgais reachtúil nó sárú conartha a eascróidh as aon ghníomh nó neamhghníomh a bhaineann le CervicalCheck, nó
 - (b) ag lorg damáistí i leith na faillí líomhnaithe nó an tsáraithe dualgais líomhnaithe a eascróidh as mainneachtain líomhnaithe torthaí an iniúchta chliniciúil chúlghabhálaigh ar chíteolaíocht CervicalCheck a chur in iúl don bhean iomchuí lena mbaineann nó, i gcás go bhfuair sí bás, do chleithiúnaí de chuid na mná iomchuí lena mbaineann.

Is gá comhaontú a fháil ó na páirtithe chun a chumasú don Bhinse éilimh a éisteacht

13. Éistfidh agus cinnfidh an Binse éilimh ar ina leith atá comhaontú i scríbhinn ann ó gach páirtí de na páirtithe iomchuí leis an éileamh lena mbaineann a chur faoi bhráid an Bhinse lena chinneadh ag an mBinse agus éilimh den sórt sin amháin.

CAIBIDIL 3

Éilimh os comhair an Bhinse, nósanna imeachta, etc.

An modh ar a gcinneann saincheisteanna

14. Faoi réir fhorálacha an Achta seo agus cibé Rialacha (más ann) i ndáil le héilimh a sheoladh a bheidh forordaithe ag an mBinse faoi *alt 26*, éistfidh agus cinnfidh an Binse éilimh (lena n-áirítear cibé nithe eatramhacha, idirbhreitheacha nó coimhdeacha eile is gá agus a eascróidh sna héilimh sin) ar an modh céanna ar a n-éisteann agus ar a gcinneann an Ard-Chúirt éilimh maidir le díobhálacha pearsanta a eascróidh as an bhfaillí, as an sárú dualgais, as an sárú dualgais reachtúil nó as an sárú conartha líomhnaithe.

Nósanna imeachta tríú páirtí

15. (1) Gan dochar do ghinearáltacht *alt 14*, i gcás gur mian le freagróir tríú páirtí in éileamh a uamadh, féadfaidh an Binse an t-iarratas sin a dheonú ar an modh céanna ar a gcinneann an Ard-Chúirt iarratais den sórt sin.
- (2) I gcás go dtoileoidh an tríú páirtí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* leis an mBinse do chinneadh na saincheisteanna uile a eascróidh san éileamh, rachfar ar aghaidh leis an éileamh os comhair an Bhinse.
- (3) I gcás nach dtoileoidh an tríú páirtí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* leis an mBinse do chinneadh na saincheisteanna uile a eascróidh san éileamh amhlaidh—
- (a) ní leanfaidh an Binse den éileamh a éisteacht agus a chinneadh, agus
- (b) cuirfidh an Binse an méid sin in iúl do na páirtithe lena mbaineann san fhoirm fhorordaithe agus ar an modh forordaithe.

Cuirfear íocaíochtaí *ex gratia* i gcuntas

16. Más rud é, i leith éileamh os comhair an Bhinse, gur cinneadh leis an scéim *ex gratia* um neamhnochtdadh CervicalCheck roimhe sin gur chóir íocaíocht *ex gratia* a dhéanamh i leith an éilimh, déanfaidh an Binse, le linn dó a bhreithniú ar chóir dámhachtain a dhéanamh, nó cén méid ba chóir a dhámhachtain, i leith an éilimh, aon suim a íocadh nó is iníoctha i leith na n-imthosca is cúis leis an éileamh faoin scéim *ex gratia* um neamhnochtdadh CervicalCheck a chur i gcuntas.

Dámhachtainí ón mBinse – prionsabail is infheidhme, etc.

17. (1) Féadfaidh an Binse dámhachtain a dhéanamh d'éilitheoir.
- (2) Déanfar dámhachtain ón mBinse ar an mbonn céanna leis na nithe seo a leanas agus riomhfar í faoi threoir na nithe seo a leanas—
- (a) na prionsabail chéanna lena rialaítear tomhas damáistí sa dlí torta, sárú dualgais reachtúil, sárú conartha, agus
- (b) na hachtacháin chéanna,
- ab infheidhme maidir le measúnú damáistí dá dtionscnófaí imeachtaí san Ard-Chúirt i ndáil leis an éileamh lena mbaineann.

- (3) I gcás go ndéanfaidh an Binse dámhachtain d'éilitheoir, beidh tréimhse 21 lá, nó cibé tréimhse is faide ná sin a chinneadh an Binse ar chúiseanna maithe leordhóthanacha, ón tráth a dhéanfar an dámhachtain chun glacadh leis an dámhachtain nó diúltú di nó achomharc a dhéanamh ina haghaidh faoi *alt 27*.
- (4) Más rud é, maidir le héilitheoir ar ina leith a rinneadh dámhachtain, nach nglacfaidh sé nó sí leis an dámhachtain ná nach ndiúltóidh sé nó sí di ná nach ndéanfaidh sé nó sí achomharc ina haghaidh faoi *alt 27* laistigh de thréimhse 21 lá nó cibé tréimhse is faide ná sin a chinneadh an Binse faoi *fho-alt (3)*, measfar gur dhiúltaigh an t-éilitheoir don dámhachtain.
- (5) Faoi réir *ailt 27* agus 28, i gcás gur mian le héilitheoir glacadh le dámhachtain, déanfar an glacadh sin san fhoirm fhorordaithe agus ar an modh forordaithe (dá ngairtear “fògra glactha” san Acht seo) agus beidh tarscaoileadh ag gabháil leis.
- (6) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (2)*, maidir leis na rialacha sna hAchtanna um Dhliteanas Sibhialta, 1961 go 2017 lena rialaítear—
- (a) locht comhthráthach, lena n-áirítear dliteanas éagóiritheoirí comhthráthacha, ranníoc idir éagóiritheoirí comhthráthacha agus faillí rannpháirteach,
 - (b) an cúiteamh réasúnach do chleithiúnaithe mná iomchuí in anbhuain meabhrach de dheasca a báis, agus
 - (c) eisiamh dámhachtainí damáistí do chleithiúnaithe mná iomchuí i leith anbhuain meabhrach a d'fhulaing an bhean iomchuí roimh a bás,
- cuirfidh an Binse i bhfeidhm iad i leith éilimh a chinneadh agus dámhachtainí a dhéanamh ar an modh céanna ab infheidhme i measúnú damáistí dá dtionscnófaí imeachtaí san Ard-Chúirt i ndáil leis an éileamh.

Ionadaíocht dhlíthiúil

18. Beidh páirtithe a láithreoidh os comhair an Bhinse i dteideal ionadaíocht dhlíthiúil a bheith acu.

Costais

19. (1) Féadfaidh an Binse costais a dhámhachtain i ndáil le héileamh.
- (2) Féadfar costais is ábhar do dhámhachtain dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a fhómhas ar an modh céanna le costais is ábhar do dhámhachtain arna déanamh ag an Ard-Chúirt.

Is ar shlí seachas go poiblí a sheolfar éisteachtaí i gcoitinne

20. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, is ar shlí seachas go poiblí a sheolfaidh an Binse a éisteachtaí.
- (2) I gcás go n-iarrfaidh éilitheoir ar an mBinse éisteacht nó cuid d'éisteacht a thionól go poiblí agus go gcomhaontóidh an Binse gur chuí déanamh amhlaidh, seolfaidh an Binse an éisteacht nó cuid den éisteacht lena mbaineann go poiblí.

An fhoirm ina bhféadfar agus an modh ar a bhféadfar fianaise a thabhairt

21. (1) Faoi réir *fho-alt (4)*, féadfaidh an Binse fianaise a ghlacadh a thabharfar—

- (a) ó bhéal os comhair an Bhinse,
 - (b) le mionnscribhinn, nó
 - (c) mar a ordóidh an Binse ar shlí eile nó mar a cheadófar ar shlí eile lena Rialacha agus lena nósanna imeachta, lena n-áirítear trí nasc físe beo, fístaifeadadh, fuaimthaifeadadh nó aon mhodh tarchurtha eile.
- (2) Féadfar a cheangal ar fhinné, a fhreastalóidh os comhair an Bhinse chun fianaise a thabhairt, fianaise a thabhairt faoi mhionn nó faoi dhearbhasc.
- (3) Féadfaidh aon chomhalta den Bhinse nó aon chomhalta d'fhoireann an Bhinse a bheidh údaraithe go cuí ag an mBinse déanamh amhlaidh aon daoine a chur faoi mhionn nó aon dearbhaisc a ghlacadh is gá chun críocha fheidhmeanna an Bhinse.
- (4) Aon fhinné a thabharfaidh fianaise ar shlí seachas trí fhreastal i bpearsa os comhair an Bhinse nó trí nasc físe beo, soláthróidh sé nó sí ráiteas faoi mhionn don Bhinse i bhfoirm is inghlactha ag an mBinse á chur in iúl—
- (a) gur thug sé nó sí an fhianaise,
 - (b) gur tugadh an fhianaise go saorálach, agus
 - (c) de réir mar is fearr is eol dó nó di, gur ábhar fíor cruinn atá inti.

Cumhachtaí a bhaineann le finnéithe agus doiciméid

22. (1) Féadfaidh an Binse, chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht seo, aon cheann nó gach ceann de na nithe seo a leanas a dhéanamh:
- (a) a ordú i scríbhinn d'aon duine freastal os comhair an Bhinse ar dháta agus in áit agus ag tráth a shonrófar san ordachán agus fianaise a thabhairt agus aon doiciméad a thabhairt ar aird san áit sin atá i seilbh nó faoi chumhacht an duine agus a bheidh sonraithe san ordachán;
 - (b) a ordú d'fhinné ceisteanna a fhreagairt a gcreideann an Binse gur ceisteanna iomchuí iad maidir leis an éileamh;
 - (c) finné a cheistiú faoi mhionn nó faoi dhearbhasc nó trí dhearbhu reachtúil nó agarcheisteanna i scríbhinn a úsáid;
 - (d) aon fhinné a cheistiú nó a chroscheistiú a mhéid a mheasfaidh an Binse is cuí d'fhonn faisnéis a fháil is faisnéis iomchuí maidir le héileamh;
 - (e) a ordú d'fhinné aon doiciméad a thabhairt ar aird don Bhinse atá ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina chumhacht nó faoina cumhacht agus a bheidh sonraithe san ordachán;
 - (f) a ordú i scríbhinn d'aon duine—
 - (i) liosta arna fhíorú le mionnscribhinn, ina nochtfar na doiciméid go léir atá i seilbh nó faoi chumhacht an duine agus a bhaineann le héileamh, a sholáthar don Bhinse, agus
 - (ii) aon doiciméad de na doiciméid liostaithe a bhfuil an duine ag cur i gcoinne é a thabhairt ar aird don Bhinse, agus an bonn atá faoin gcur i gcoinne, a shonrú sa mionnscribhinn;

- (g) a ordú i scríbhinn d’aon duine aon doiciméad atá i seilbh nó faoi chumhacht an duine agus a bheidh sonraíthe san ordachán a chur chuig an mBinse;
 - (h) faoi réir cibé Rialacha a bheidh forordaithe faoi *alt 26*, coimisiún nó iarraidh a eisiúint chun finnéithe a cheistiú thar lear;
 - (i) aon ordacháin eile a thabhairt is dealraitheach don Bhinse a bheith réasúnach.
- (2) Féadfaidh aon chomhalta den Bhinse cumhachtaí an Bhinse faoi *fho-alt (1)* a fheidhmiú.
- (3) Tá feidhm ag na rialacha cúirte a bhaineann le follasú doiciméad in imeachtaí san Ard-Chúirt, fara aon mhodhnuithe is gá, i ndáil le doiciméid a nochtadh faoi *fho-alt (1) (f)*.
- (4) I gcás go mainneoidh nó go ndiúltóidh duine ordachán a thabharfaidh an Binse faoin alt seo a chomhlíonadh, féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas ón mBinse ar ordú á cheangal ar an duine an t-ordachán a chomhlíonadh—
- (a) a ordú don duine an t-ordachán a chomhlíonadh, agus
 - (b) aon ordú eile a dhéanamh a mheasfaidh an chúirt is gá agus is cóir chun go mbeidh lánfheidhm ag an ordachán agus lánéifeacht leis.
- (5) Is ar shlí seachas go poiblí a éistfear iarratas chun na hArd-Chúirte faoi *fho-alt (4)*.
- (6) Maidir le mainneachtain ag duine ordú faoi *fho-alt (4)* a chomhlíonadh—
- (a) féadfar í a phionósú mar dhíspeagadh cé go bhféadfaí í a phionósú mar chion faoi *alt 38*, agus
 - (b) féadfar í a phionósú mar chion faoi *alt 38*, cé go bhféadfaí í a phionósú mar dhíspeagadh,
- ach ní dhlífear an duine a phionósú faoi dhó.

Pribhléidí agus díolúintí finnéithe

23. Aon duine a thabharfaidh fianaise don Bhinse nó a thabharfaidh doiciméid ar aird don Bhinse nó a chuirfidh doiciméid chuig an mBinse de réir mar a ordóidh an Binse—
- (a) beidh na díolúintí agus na pribhléidí céanna aige nó aici i leith na fianaise sin nó na ndoiciméad sin, agus
 - (b) i dteannta na bpionós dá bhforáiltear leis an Acht seo, beidh sé nó sí faoi réir na ndliteanas céanna, le finné in imeachtaí san Ard-Chúirt.

Cumhacht ghinearálta an Bhinse chun ordacháin ón Ard-Chúirt a lorg

24. (1) Féadfaidh an Binse, i gcás gur cuí leis déanamh amhlaidh, iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordacháin a bhaineann le comhlíonadh fheidhmeanna an Bhinse nó ar an gcúirt do cheadú gníomh a bheartaíonn an Binse a dhéanamh chun críocha an chomhlíonta sin.
- (2) Cinnfidh an Ard-Chúirt iarratas faoi *fho-alt (1)* trí cibé ordacháin a thabhairt agus cibé orduithe a dhéanamh a mheasfaidh sí is cuí.

- (3) Féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas, iarratas faoi *fho-alt (1)* a éisteacht ar shlí seachas go poiblí ag féachaint do na nithe seo a leanas—
- (a) an t-ábhar ar i ndáil leis a lorgófar na hordacháin,
 - (b) aon ní eile a bhaineann le cineál na fianaise a bheidh le tabhairt ag éisteacht an iarratais.

Prótacail réamhéilimh, cásbhainistiú, ordacháin, etc.

- 25.** (1) Faoi réir an Achta seo, féadfaidh an Binse, ar mhaithe leis na nithe seo a leanas i measc nithe eile—
- (a) cumarsáid thráthuíl a chur chun cinn idir daoine a bheidh ag breithniú éileamh a dhéanamh agus iad siúd a measfaidh na daoine sin go bhféadfaidís a bheith faoi dhliteanas i ndáil leis an éileamh sin,
 - (b) sainaitheint luath na bpáirtithe iomchuí i ndáil leis an éileamh a éascú,
 - (c) sainaitheint luath na saincheistanna atá faoi dhíospóid i leith éileamh a d'fhéadfaí a dhéanamh a éascú,
 - (d) éisteacht agus cinneadh éileamh ar mhodh atá cóir dlúsúil a éascú,
- nósanna imeachta lena rialaítear ceanglais a chomhlíonfar sula dtionscnófar éilimh (dá ngairtear “prótacail réamhéilimh” san alt seo) a chinneadh agus a ghlacadh.
- (2) Ar mhaithe le héilimh a éisteacht agus a chinneadh ar mhodh atá cóir dlúsúil, féadfaidh an Cathaoirleach ordacháin (dá ngairtear “ordacháin chleachtais” san alt seo) a eisiúint i ndáil le seoladh éileamh arna ndéanamh chuig an mBinse.
- (3) Maidir le prótacal réamhéilimh nó le hordachán cleachtais—
- (a) féadfaidh baint a bheith aige le héilimh nó le haicmí éileamh, agus
 - (b) féadfar foráil a dhéanamh leis maidir le cibé nithe teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha, lena n-áirítear nithe i leith mainneachtain aon ní a chomhlíonadh is ní dá bhforáiltear i bprótacal réamhéilimh nó in ordachán cleachtais, de réir mar a bheidh, ar dealraitheach don Bhinse, nó i gcás ordachán cleachtais, don Chathaoirleach, gur gá nó gur fóirteanach iad chun críocha an phrótacail nó an ordacháin, de réir mar a bheidh.
- (4) Déanfar prótacal réamhéilimh agus ordachán cleachtais a fhoilsiú ar cibé modh a ordóidh an Cathaoirleach.
- (5) Ní dochar an t-alt seo d'aon chumhachtaí de chuid an Bhinse chun Rialacha a dhéanamh.

Rialacha

- 26.** (1) Féadfaidh an Binse rialacha (dá ngairtear “Rialacha” san Acht seo) a dhéanamh chun cleachtas agus nós imeachta an Bhinse agus seoladh éileamh os comhair an Bhinse a rialáil.
- (2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar, le Rialacha—
- (a) foirmeacha agus fógraí a fhorordú lena n-áirítear na nithe seo a leanas ach gan bheith teoranta dóibh:

- (i) iarratas faoi *alt 11*;
 - (ii) fógra ón mBinse faoi *alt 12*;
 - (iii) fógra faoi *alt 15(3)(b)*;
 - (iv) fógra glactha;
 - (v) fógra achomhairc faoi *alt 27*;
 - (vi) iarratas ar chinneadh a dhaingniú faoi *alt 28*,
 - (b) teorainneacha ama a fhorordú a mbeidh feidhm acu maidir le haon cheann de na foirmeacha nó de na fógraí a fhorordaítear faoin alt seo,
 - (c) aon fhoráil de Rialacha na nUaschúirteanna is cuí leis an mBinse a chur i bhfeidhm, fara cibé modhnuithe is gá, maidir le cleachtas agus nós imeachta an Bhinse nó seoladh éilimh os comhair an Bhinse, nó
 - (d) foráil a dhéanamh maidir le cibé nithe eile i ndáil le cleachtas agus nós imeachta an Bhinse a mheasfaidh an Binse is gá nó is fóirsteanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.
- (3) Foilseoidh an Binse Rialacha ar cibé modh is cuí leis.

CAIBIDIL 4

*Achomhairc, daingnithe, etc.***Achomhairc**

27. (1) Beidh ábhar achomhairc ann in aghaidh cinneadh ón mBinse chun na hArd-Chúirte.
- (2) Déanfar achomharc faoin alt seo—
- (a) tráth nach déanaí ná 21 lá nó cibé tréimhse is faide ná sin a chinnfidh an Binse ar chúis mhaith leordhóthanach ón dáta a dhéanfar an cinneadh is ábhar don achomharc, agus
 - (b) san fhoirm fhorordaithe agus ar an modh forordaithe.
- (3) Is ar phonc dlí amháin a bheidh ábhar achomhairc ann in aghaidh breith ón Ard-Chúirt i leith achomharc faoin alt seo chun na Cúirte Achomhairc.
- (4) Faoi réir *fho-alt (6)*, le linn don Ard-Chúirt nó don Chúirt Achomhairc, de réir mar a bheidh, a cinneadh i leith achomharc a thionscnófar faoin alt seo a chur ar fáil don phobal, eisiafaidh sí aon fhaisnéis lena sainaitheofaí aon pháirtí de na páirtithe nó aon fhaisnéis lena bhféadfaí le réasún aon pháirtí de na páirtithe sin a shainaitheint agus is ábhar don achomharc lena mbaineann.
- (5) Faoi réir *fho-alt (6)*, is ar shlí seachas go poiblí a éistfear achomharc faoin alt seo.
- (6) I gcás go n-iarrfaidh éilitheoir ar an Ard-Chúirt nó ar an gCúirt Achomhairc achomharc, nó cuid d'achomharc, a éisteacht go poiblí agus go gcomhaontóidh an Ard-Chúirt nó an Chúirt Achomhairc, de réir mar a bheidh, gur chuí déanamh amhlaidh, éistfidh an

Ard-Chúirt nó an Chúirt Achomhairc an t-achomharc nó an chuid den achomharc lena mbaineann, de réir mar a bheidh, go poiblí.

Cinntí a dhaingniú agus a fhoilsiú

28. (1) Más rud é—

- (a) maidir le héilitheoir ar ina leith a rinneadh dámhachtain, go nglacfaidh sé nó sí leis an dámhachtain, agus
 - (b) nach ndéanfaidh aon pháirtí eile san éileamh sin, laistigh den tréimhse a shonraítear in *alt 27(2)(a)*, achomharc chun na hArd-Chúirte in aghaidh an chinnidh ón mBinse, déanfaidh an Binse, a luaithe is indéanta tar éis dheireadh na tréimhse sin, trí fhorriarratas iar bhfôgra chuig na páirtithe san éileamh, iarratas ar mhodh achomair chun na hArd-Chúirte chun an cinneadh a dhaingniú.
- (2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, déanfar iarratas faoin bhfo-alt sin san fhoirm fhorordaithe agus ar an modh forordaithe, beidh fôgra glactha ann agus beidh tarscaoileadh i leith an chinnidh is ábhar don iarratas lena mbaineann ag gabháil leis.
- (3) Ar iarratas faoi *fho-alt (1)* a éisteacht, daingneoidh an Ard-Chúirt an cinneadh mura measfaidh an chúirt nach bhfuil sé ar mhaithe leis an gceartas déanamh amhlaidh.
- (4) Más rud é, ar an dáta a éistfear iarratas faoi *fho-alt (1)*, go mbeidh imeachtaí ar feitheamh san Ard-Chúirt i leith éilimh, ar imeachtaí iad a mbaineann a n-ábhar, go hiomlán nó go páirteach, le héileamh chun an Bhinse, is ábhar don iarratas lena mbaineann, déanfaidh an Ard-Chúirt, i leith na n-imeachtaí sin, a fhoráil le hordú go scoirfear de na himeachtaí lena mbaineann agus féadfaidh sí cibé ordú is cuí léi a dhéanamh maidir le costais na n-imeachtaí sin.
- (5) I gcás go mbeidh cinneadh daingnithe ag an Ard-Chúirt faoi *fho-alt (2)*, déanfaidh an Binse, faoi réir *fho-alt (6)*, an cinneadh a fhoilsiú i cibé foirm agus ar cibé modh is cuí leis.
- (6) Faoi réir *alt 20(2)*, le linn don Bhinse a chinneadh a chur ar fáil don phobal, eisiafaidh sé aon fhaisnéis lena sainaithneofaí aon pháirtí de na páirtithe nó aon fhaisnéis lena bhféadfaí le réasún
- aon pháirtí de na páirtithe sin a shainaithint agus is ábhar don chinneadh lena mbaineann.
- (7) Maidir le *fo-alt (4)*, is fo-alt é i dteannta, agus ní in ionad, aon chumhacht de chuid na hArd-Chúirte chun scor d'imeachtaí os a comhair.

Dámhachtainí ón mBinse a fhorfheidhmiú

29. Faoi réir a daingnithe ag an Ard-Chúirt faoi *alt 28*, beidh an fheidhm chéanna ag aon dámhachtain a dhéanfaidh an Binse agus an éifeacht chéanna léi atá ag breithiúnas ón Ard-Chúirt agus féadfaidh an Ard-Chúirt í a fhorfheidhmiú, agus imeachtaí a thionscnamh uirthi, ar an modh céanna ar gach slí amhail is dá mba bhreithiúnas ón gcúirt sin í.

CAIBIDIL 5

*Muinín a aisiriú***Feidhm Chaibidil 5**

- 30.** (1) Féadfaidh duine cuí iarraidh a dhéanamh chuig an Éascaitheoir faoi *alt 32* is cuma cé acu a rinne nó nach ndearna an duine éileamh, nó a bheartaíonn nó nach mbeartaíonn an duine éileamh a dhéanamh.
- (2) Ní oibreoidh aon ní sa Chaibidil seo—
- (a) chun a cheangal ar dhuine cuí éileamh a dhéanamh, nó
- (b) chun dochar a dhéanamh do cheart duine chuí chun éileamh a dhéanamh.

Éascaitheoir cruinnithe chun muinín a aisiriú

- 31.** (1) Maidir le cruinnithe chun muinín a aisiriú, ceapfar duine chun riaradh agus gnó cruinnithe den sórt sin a sheoladh agus a rialú i gcoitinne (dá ngairtear “an tÉascaitheoir” san Acht seo).
- (2) Is é nó is í an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a cheapfaidh an tÉascaitheoir, agus sealbhóidh an tÉascaitheoir oifig ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus liúntais le haghaidh caiteachas) a chinnfidh an tAire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- (3) Más rud é, ar chúis ar bith, nach féidir leis an Éascaitheoir leanúint de bheith ag gníomhú mar Éascaitheoir, féadfaidh an tAire duine eile a cheapadh chun bheith ina Éascaitheoir nó ina hÉascaitheoir in ionad an duine sin.
- (4) Beidh an tÉascaitheoir, faoi réir an Achta seo, neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin gCaibidil seo, agus beidh sé nó sí, go háirithe, neamhspleách ar an mBinse agus ar a fheidhmeanna faoi *alt 7(1)(a)*.

Cruinnithe chun muinín a aisiriú

- 32.** (1) Féadfaidh duine cuí iarraidh a dhéanamh chuig an Éascaitheoir ar chruinniú a chomóradh (dá ngairtear “cruinniú chun muinín a aisiriú” san Acht seo) chun
- eispéiris a dhoiciméadú, plé a éascú agus faisnéis a chur ar fáil don duine cuí i leith eispéireas an duine i ndáil le CervicalCheck.
- (2) Déanfar iarraidh faoi *fho-alt (1)* chuig an Éascaitheoir i cibé foirm nó ar cibé modh a shonróidh an tÉascaitheoir agus sonrófar in aon iarraidh den sórt sin na daoine a mbeifear ag iarraidh iad páirt a ghlacadh sa chruinniú lena mbaineann, is cruinniú chun muinín a aisiriú.
- (3) Déanfaidh an tÉascaitheoir, le toiliú an Aire a thabharfar le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, painéal de dhaoine oiriúnacha a bhunú agus a chothabháil chun bheith ina modhnóirí, a cheapfar go ceann cibé téarma agus ar cibé coinníollacha a chinnfidh an tÉascaitheoir, chun cruinnithe a chomóradh is cruinnithe chun muinín a aisiriú.

- (4) I gcás go bhfaighidh an tÉascaitheoir iarraidh chuige sin a dhéanfaidh duine cuí chuige nó chuici chun cruinniú a chomóradh is cruinniú chun muinín a aisiriú, ceapfaidh an tÉascaitheoir modhnóir chun an cruinniú a chomóradh.
- (5) Soláthróidh an tÉascaitheoir, nó déanfaidh sé nó sí socrú chun go soláthrófar, cibé seirbhísí riaracháin agus faisnéis agus comhairle is gá chun a chumasú do mhodhnóir a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin gCaibidil seo a chomhall.
- (6) Faoi réir na Caibidle seo agus cibé rialacha (más ann) a shonróidh an tÉascaitheoir, féadfaidh cruinniú chun muinín a aisiriú a chomórfaidh modhnóir a nósanna imeachta féin a rialáil, lena n-áirítear cruinnithe den sórt sin a dhoiciméadú agus a thaifeadadh.
- (7) I gcás go dtoileoidh cuid de na daoine, ach nach dtoileoidh na daoine go léir, a bheidh sonraithe ag an duine cuí ina iarraidh nó ina hiarraidh chuig an tÉascaitheoir i *bhfo-alt (1)* le páirt a ghlacadh i gcrúinniú chun muinín a aisiriú, féadfar dul ar aghaidh leis an gcrúinniú, le toiliú an duine chuí a rinne an iarraidh, leis na daoine sin a thoiligh le páirt a ghlacadh amhlaidh sa chruinniú lena mbaineann.
- (8) Maidir le duine cuí, féadfaidh duine nó daoine dá rogha féin a bheith ina theannta nó ina teannta le linn dó nó di freastal ar chruinniú chun muinín a aisiriú.
- (9) Gníomhóidh an modhnóir mar chathaoirleach ar an gcrúinniú chun muinín a aisiriú.
- (10) Féadfaidh cruinniú chun muinín a aisiriú, le comhaontú d'aonghuth uathu siúd a ghlacfaidh páirt sa chruinniú, moltaí a dhéanamh don Aire.
- (11) Féadfaidh an tÉascaitheoir, chun na taifid a shealbhú agus a chothabháil de chruinnithe chun muinín a aisiriú, comhalta amháin nó níos mó d'fhoireann an Bhinse a ainmniú chun bheith ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar na taifid, agus beidh na taifid sin faoi rún.

Cruinnithe chun muinín a aisiriú – neamh-inghlacthacht in imeachtaí nó éilimh os comhair an Bhinse

- 33.** (1) Ní bheidh aon fhianaise inghlactha in aon chúirt nó sa Bhinse, is fianaise ar aon fhaisnéis, ráiteas nó admháil a nochtfar nó a dhéanfar i gcúrsa cruinniú chun muinín a aisiriú.
- (2) Maidir le faisnéis a sholáthróidh rannpháirtí ag cruinniú chun muinín a aisiriú—
- (a) d'ainneoin aon fhoráil dá malairt—
 - (i) i bpolasaí árachais slánaíochta gairmiúla,
 - (ii) in aon doiciméadacht arb éard atá inti tairiscint, nó fianaise, ar shocrú maidir le slánaíocht idir eagraíocht cosanta liachta agus comhalta den eagraíocht sin, nó
 - (iii) i gconradh árachais lena soláthrófar cumhdach árachais le haghaidh éilimh i leith dliteanas sibhialta nó le haghaidh caingne faillí clínicíúla,
 nó
 - (b) in aon achtachán nó riail dlí eile,
- ní chuirfidh sí an cumhdach arna sholáthar leis an bpolasaí nó leis an gconradh árachais sin ó bhail, ná ní dhéanfaidh sí difear ar shlí eile don chumhdach sin, is cumhdach atá, nó a bheadh, murach an fhaisnéis sin, ar fáil i leith an chruinnithe lena mbaineann, is cruinniú chun muinín a aisiriú, nó aon ní líomhnaithe a eascróidh (cibé acu go hiomlán

nó go páirteach) as na saincheisteanna, is ábhar don iarraidh ar an gcruinniú chun muinín a aisiriú.

(3) Maidir le faisnéis a sholáthrófar do dhuine cuí ag cruinniú chun muinín a aisiriú—

(a) ní admháil shainráite nó intuigthe lochta, mí-iompair ghairmiúil, feidhmíochta gairmiúla laige, neamhfheidhmiúlachta chun cleachtadh, nó mainneachtana nó neamhghnímh eile ag rannpháirtí í, le linn gearán a chinneadh is gearán arna dhéanamh i leith an rannpháirtí agus a eascróidh (cibé acu go hiomlán nó go páirteach) as iarmhairtí na saincheiste, is ábhar don iarraidh ar an gcruinniú chun muinín a aisiriú, agus

(b) d’ainneoin aon achtachán nó riail dlí eile, ní bheidh sí inghlactha mar fhianaise ar locht, mí-iompar gairmiúil, feidhmíocht ghairmiúil lag nó neamhfheidhmiúlacht chun cleachtadh.

(4) Maidir leis an alt seo, is alt é i dteannta, agus ní in ionad, aon achtachán nó riail dlí a bhaineann le nochtadh faisnéise i leith seirbhísí sláinte a sholáthar.

(5) San alt seo—

ciallaíonn “Acht 2017” an tAcht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú), 2017;

tá le “faillí chliniciúil”, “caingean faillí cliniciúla” agus “eagraíocht cosanta liachta” na bríonna céanna atá leo faoi seach in alt 10 d’Acht 2017;

tá le “seirbhís sláinte” an bhrí chéanna atá leis i gCuid 4 d’Acht 2017;

ciallaíonn “árachas slánaíochta gairmiúla” polasaí árachais slánaíochta chun éilimh ag duine cuí nó thar ceann duine cuí a chumhdach i leith dliteanas sibhialta d’aon tuairisc mar gheall ar ghortú, díobháil nó bás a tharlaíonn le linn seirbhís sláinte a sholáthar (lena n-áirítear seoladh an ghnó arb éard é seirbhís sláinte a sholáthar).

CAIBIDIL 6

Tuarascálacha ón mBinse, etc.

Moltaí ón mBinse

34. (1) I gcás gur cuí leis an mBinse moltaí a dhéanamh faoi *alt 7*, cuirfidh an Binse na moltaí faoi bhráid an Aire.

(2) Foilseoidh an tAire, i cibé foirm is cuí leis nó léi, moltaí ón mBinse a dhéanfar faoi *fho-alt (1)*.

Tuarascálacha Bliantúla

35. (1) Tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais de chuid an Bhinse, déanfaidh an Binse tuarascáil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire ar a ghníomhaíochtaí le linn na bliana sin.

(2) Beidh na nithe seo a leanas i dtuarascáil faoi *fho-alt (1)*—

(a) faisnéis maidir le comhlíonadh fheidhmeanna an Bhinse, lena n-áirítear a fheidhmeanna faoi *Chaibidil 5*, le linn na tréimhse lena mbaineann an tuarascáil,

- (b) sonraí ar a chuntais, agus
 - (c) cibé faisnéis eile is cuí leis an mBinse nó a iarrfaidh an tAire.
- (3) Foilseoidh an tAire, i cibé foirm is cuí leis nó léi, tuarascálacha ón mBinse a dhéanfar faoi *fho-alt (1)*.
- (4) Le linn don Bhinse tuarascáil a ullmhú faoin alt seo, eisífaidh sé ón tuarascáil aon fhaisnéis lena sainaithneofaí aon duine de na daoine a ghlac páirt i gcrúinnithe chun muinín a aisiriú nó lena bhféadfaí le réasún aon duine de na daoine sin a shainaithint.

CAIBIDIL 7

Díscaoileadh

An Binse a dhíscaoileadh

36. (1) Féadfaidh an tAire, le hordú, tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an mBinse, an Binse a dhíscaoileadh—
- (a) ar cibé dáta, nó ar cibé teagmhas do tharlú, a bheidh sonraithe san ordú, agus
 - (b) faoi réir cibé coinníollacha, más ann, a bheidh sonraithe san ordú.
- (2) Féadfaidh an tAire, trí fhógra arna thabhairt don Chathaoirleach, a cheangal ar an gCathaoirleach an tábhar lena mbaineann an fo-alt seo a thaisceadh leis an Aire laistigh den tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra.
- (3) Comhlíonfaidh an Cathaoirleach ceanglais fógra faoi *fho-alt (2)*.
- (4) Tá feidhm ag *fo-alt (2)* maidir leis an ábhar go léir is fianaise arna fáil ag an mBinse, nó arna taisceadh leis an mBinse, nó doiciméad arna chruthú ag an mBinse nó thar a cheann d'aon chineál ar bith (lena n-áirítear aon doiciméid atá neamhiomlán nó nach bhfuil ach i bhfoirm dréachta agus aon doiciméid arna gcruthú chun críocha Chaibidil 5).

CUID 3

ILGHNÉITHEACH

Achomhairc chun na hArd-Chúirte – rialacha cúirte

37. Gan dochar d'alt 24 den Acht Léiriúcháin, 2005, i gcás go ndéanfar achomharc in aghaidh cinneadh ón mBinse chun na hArd-Chúirte faoi *alt 27*, féadfar le rialacha cúirte foráil a dhéanamh maidir leis na hachomhairc sin a éisteacht agus a chinneadh ar mhodh tráthúil éifeachtúil.

Cionta

38. (1) Más rud é, maidir le duine—
- (a) ar é nó í a thoghairm go cuí mar fhinné os comhair an Bhinse, go sáróidh sé nó sí an toghairm gan cúis ná leithscéal cóir,

- (b) go ndiúltóidh sé nó sí, agus é nó í ag freastal mar fhinné os comhair an Bhinse, mionn a ghlacadh nó dearbhasc a dhéanamh nuair a cheanglóidh an Binse le dlí air nó uirthi déanamh amhlaidh, nó aon doiciméid a thabhairt ar aird, lena n-áirítear nithe a bheidh faoina chumhacht nó faoina cumhacht nó faoina rialú aige nó aici agus a gceanglóidh an Binse le dlí ar an duine iad a thabhairt ar aird, nó aon cheist a fhreagairt a gceanglóidh an Binse le dlí í a fhreagairt,
- (c) go dtabharfaidh sé nó sí, go feasach nó go meargánta, fianaise don Bhinse atá ábhartha maidir le héileamh agus is eol dó nó di a bheith bréagach nó nach gcreideann sé nó sí a bheith fíor,
- (d) go mainneoidh, go bhfailleoidh nó go ndiúltóidh sé nó sí na forálacha d'ordachán arna dhéanamh ag an mBinse a chomhlíonadh,
- (e) go ndéanfaidh sé nó sí, trí ghníomh nó neamhghníomh, bac nó treampán a chur ar an mBinse i gcomhlíonadh a fheidhmeanna,

beidh an duine ciontach i gcion.

(2) Maidir le duine a bheidh ciontach i gcion faoi *fho-alt (1)*, dlífeair—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
 - (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná €300,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.
- (3) I gcás go ndéanfaidh comhlacht corpraithe cion faoi *fho-alt (1)* agus go gcruthófar go ndearnadh an cion le toiliú nó le cúlcheadú duine, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí thoiliúil ar thaobh duine, ba stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe nó duine a d'airbheartaigh gníomhú sa cháil sin, beidh an duine sin, mar aon leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus féadfar imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.
- (4) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta chorpraithe sin, tá feidhm ag *fo-alt (3)* i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

Srianta le cearta agus le hoibleagáidí faoin Rialachán maidir le Cosaint Sonraí

39. (1) Déantar na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 12 go 22 (agus in Airteagal 5 a mhéid a fhreagraíonn a fhorálacha do na cearta agus do na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 12 go 22) agus in Airteagal 34 den Rialachán maidir le Cosaint Sonraí, a mhéid a bhaineann na cearta agus na hoibleagáidí le duine iomchuí do phróiseáil sonraí pearsanta, a shrianadh a mhéid is gá agus is comhréireach chun a chumasú don duine a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi *Chuid 2* a chomhlíonadh.
- (2) Bunóidh an Binse nósanna imeachta lena ndéanfar foráil maidir leis an Rialachán maidir le Cosaint Sonraí a shrianadh a mhéid is gá agus is comhréireach chun a chumasú don Bhinse a fheidhmeanna faoi *Chuid 2* a chomhlíonadh agus foilsíodh sé na nósanna imeachta ar cibé modh is cuí leis.

(3) San alt seo—

ciallaíonn “an Rialachán maidir le Cosaint Sonraí” Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016¹ maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí);

tá le “sonraí pearsanta” an bhrí chéanna atá leis in Airteagal 4 den Rialachán maidir le Cosaint Sonraí;

tá le “próiseáil” an bhrí chéanna atá leis in Airteagal 4 den Rialachán maidir le Cosaint Sonraí;

ciallaíonn “duine iomchuí”—

- (a) an Cathaoirleach,
- (b) gnáthchomhalta den Bhinse,
- (c) comhalta d’fhoireann an Bhinse,
- (d) duine arna cheapadh nó arna ceapadh faoi *alt 9(1)*,
- (e) abhcóide nó atur nae arna cheapadh nó arna ceapadh faoi *alt 10*,
- (f) an tÉascaitheoir,
- (g) modhnóir arna cheapadh nó arna ceapadh faoi *alt 32*.

Leasú ar an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014

40. Leasaítear alt 42 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (e):

“(ea) maidir le taifead atá i seilbh an Bhinse um CervicalCheck (dá ngairtear “an Binse” sa mhír seo) nó, tar éis an Binse a dhíscaoileadh, i seilbh an Aire Sláinte, is taifead a bhaineann leis an mBinse, seachas taifead a bhaineann le caiteachais an Bhinse nó le nithe eile a bhaineann le riaradh ginearálta an Bhinse,”.

¹ I.O. Uimh. L 119, 4.5.2016, lch.1

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€3.05

ISBN 978-1-4468-6896-6



9 781446 868966